Ráiteas um Chosaint Leanaí

Ainm na seirbhíse atá á chur ar fáil: Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin

Seirbhísí agus prionsabail atá i bhfeidhm chun ár leanaí a chosaint:

Gaelcholáiste measctha é Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge ón gCéad Bhliain go dtí an 6ú Bliain.

I an scoil seo: (tic sa bhosca cuí) ☐Is bunscoil ☐Iar-bhunscoil ☐scoil speisialta

De réir cheanglas Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAquila le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. 2ú heagran. (Tusla, 2024), tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.

Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan Mheasúnú Ráiteas riomlann um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

1. Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan Mheasúnú Ráiteas riomlann um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.
2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) is ea Donnchadh Ó Cróinín
3. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe Tánaisteach (DIAT) is ea: Orla de Bhailís
4. Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin go bhfuil cúrsaí chosaint agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá go bhfeicfear é seo i bpolasaithe uile na scoile, i nósanna imeachta na scoile, i gcleachtas na scoile agus in imeachtaí na scoile. Cloífidh an scoil leis na prionsbail dheachleachtais seo leanas maidir le cosaint agus leas leanaí. Déanfaidh an scoil:

a) Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile.
b) Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí.
c) Comhoibriú go huile is go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsáí chosaint agus leas leanaí.
d) Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar phriacail neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne.

e) Nós na hoscailteachta le tuismitheoirí a fhorbairt agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh; agus
f) Meas a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí.

1. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár ráiteas um Chosaint Leanaí I gcomhpháirt leis na riachtanaisí um Acht Tús Áite do Leanaí (2015) ,an tAquila le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. 2ú heagran. (Tusla, 2024), tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.
Chomh maith leis na nósanna imeachta liostaithe in ár measunú baoil, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an gcuspóir atá againn leanaí faoin ár gcúram a chosaint, agus iad ag baint usáide as an tseirbhís atá á cur ar fáil againn.

- Modh imeachta chun bainistíocht a dhéanamh ar líomhaintí mí-usáíde nó míchleachtas curtha I leith oibrithe nó oibrithe deonacha ag páiste atá ag baint usáide as an tseirbhís.
- Modh imeachta le haghaidh earcaíochta agus roghnú oibrithe agus oibrithe deonacha chun oibriú leis na leanaí.
- Modh imeachta chun traenáil agus eolas a chur ar fáil um Chosaint Leanaí, tarlú díobhála san áireamh.
- Modh imeachta chun Tusla a chur ar an eolas faoi bhuairt um leasa nó chosaint leanaí.
- Modh imeachta chun liosta a choiméad do na daoine idirchaidrimh ainmnithe (más ann iad) sa tseirbhís I gceist.
- Modh imeachta chun duine oiriúnach a cheapadh.

Tá liosta do na modhanna imeachta seo ar fad ar fáil ach é a lorg.

2.Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é seo. Tá ár seirbhís chun ár ndualgaisí I leith an Achta *Tús Áite do Leanaí 2*015, De réir cheanglas Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAquila le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. 2ú heagran. (Tusla, 2024), tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta agus á chur i bhfeidhm go huile is go hiomlán, ionas go gcoiméadaimíd na Leanaí faoin ár gcúram slán agus iad ag freastal ar scoil.
Féachfar ar an ráiteas seo go bliantúil nó más gá, ag brath ar cibé athrú atá curtha I bhfeidhm sa scoil atá bainteach leis an ráiteas. Rinneadh athbhreithniú ar an ráiteas seo ar an 19ú Bealtaine 2026.

Síniú: Dáta:

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Má tá ceist ar bith téigh, i dteagmháil le Donnchadh Ó Cróinín, An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí

	Liosta Gníomhaíochtaí Scoile	Rioscaí a Aithníodh i gcoinne gach Gníomhaíochta Scoile	Nósanna Imeachta/Bearta atá i bhFeidhm chun Riosca a Mhaolú
	EARCÚ		
	Múinteoirí Muinteoirí faoi oiliúint i mbun socrúcháin scoile CRS'nna Rúnaithe Feighlithe Glantóirí Cóitsealaithe Spóirt Teagscóirí Seachtracha Aoichainteoirí Oibrithe Deonacha Tuismitheoirí Daoine a chuireann an lón ar fáil (Food Village)	• D'fhéadfadh duine a fhostú nach bhfuil oiriúnach chun oibriú le leanaí. • D'fhéadfadh easpa grinnfhiosrúcháin chuí riosca a chruthú do shábháilteacht leanaí. • D'fhéadfadh easpa tagairtí nó fíorú cáilíochtaí cur le riosca mí-oiriúnachta. • D'fhéadfadh pearsanra nach bhfuil oilte i gcúrsaí cosanta leanaí a bheith neamhullamh chun imní a aithint nó a thuairisciú. • D'fhéadfadh rólanna agus freagrachtaí a bheith doiléir, rud a d'fhágfadh bearnaí i maoirseacht agus i gcúram leanaí.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus le gach treoir ábhartha ón Roinn Oideachais. • Déantar **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** ar gach ball foirne agus ar aon duine a oibríonn leis na daltaí sula dtosaíonn siad ag obair. • Faightear agus seiceálfar **tagairtí cuí** agus fíoraítear cáilíochtaí agus taithí gach iarrthóra. • Déantar gach earcaíocht de réir **nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha** na scoile. • Cuirtear **oiliúint éigeantach um chosaint leanaí** ar fáil do gach ball foirne agus déantar athnuachan rialta uirthi. • Cuirtear gach ball foirne ar an eolas faoi ról an **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)** agus faoi na nósanna imeachta tuairiscithe. • Tá **tuairiscí poist soiléire** agus dualgais sainmhínithe ag gach ball foirne chun maoirseacht agus freagracht a chinntiú trí traenáil/ionduchtú iomlán a thabhairt dóibh. • Déantar monatóireacht leanúnach ar chleachtais foirne agus cuirtear tacaíocht agus treoir ar fáil de réir mar is gá.
	Daoine fásta eile ag obair sa scoil le linn am scoile/ gníomhaíochtaí scoile Tuismitheoirí Cuairteoirí Conraitheoirí	• D'fhéadfadh daoine fásta neamhúdaraithe rochtain a fháil ar dhaltaí nó ar áiseanna scoile. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daoine fásta agus daltaí. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta ar dhaoine fásta seachtracha rioscaí a chruthú. • D'fhéadfadh easpa grinnfhiosrúcháin chuí riosca a chruthú do shábháilteacht leanaí.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte ábhartha uile. • Tá **córas sínithe isteach/amach** i bhfeidhm do gach cuairteoir, tuismitheoir agus conraitheoir le linn an gnath lá scoile agus caitheann siad láinnéar fad agus a bhíonn siad ar láthair na scoile. • I gcásanna ocáidí scoile coiméadtear na cuairteoirí go hionad ar leith agus bíonn go leor maoirseacht ar siúl.

		• D'fhéadfadh daoine fásta a bheith aineolach ar nósanna imeachta cosanta leanaí na scoile. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha gairmiúla soiléire. • D'fhéadfadh rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis phearsanta daltaí tarlú. • D'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bheith ann, go háirithe le conraitheoirí ag obair ar an láthair.	• Ní cheadaítear do dhaoine fásta seachtracha dul i dteagmháil le daltaí gan **mhaoirseacht ball foirne**. • Déantar **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**, nuair is cuí, ar dhaoine a bhíonn ag obair go rialta leis na daltaí. • Cuirtear **treoirlínte soiléire agus cód iompair** ar fáil do chuairteoirí, tuismitheoirí agus conraitheoirí. • Cinntítear go bhfuil gach duine ar an eolas faoi ról an **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)** agus faoi na nósanna imeachta tuairiscithe. • Cuirtear **teorainneacha soiléire gairmiúla** i bhfeidhm i gcónaí maidir le hidirghníomhaíochtaí le daltaí. • I gcásanna obair conraitheoirí cuirtear bearta cuí sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm. • Cosnaítear sonraí pearsanta de réir **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Teagmhála Ainmnaithe (DLP)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	TINREAMH		
	Tinreamh Poncúlacht Teacht agus imeacht ón scoil	• D'fhéadfadh tinreamh neamhleanúnach nó easpa freastail a bheith ina tháscaire ar fhadhbanna cosanta leanaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith as láthair ón scoil gan mhíniú cuí, rud a d'fhéadfadh riosca a léiriú. • D'fhéadfadh easpa monatóireachta ar thinreamh daltaí a bheith ina chúis le neamhaird ar imní fhéideartha. • D'fhéadfadh daltaí imeacht ón scoil i rith an lae gan chead • D'fhéadfadh easpa cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le tinreamh rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith i mbaol mura ndéantar tinreamh a rianú agus a mheas i gceart.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis an reachtaíocht ábhartha maidir le tinreamh scoile. • Tógtar **rolla go laethúil faoi dhó** agus coiméadtear taifid shoiléire ar thinreamh gach dalta. • Déanann na Cinn Bliana monatóireacht rialta ar thinreamh agus aithnítear patrúin imníocha go luath. • Déantar teagmháil le **tuismitheoirí/caomhnóirí** nuair a bhíonn daltaí as láthair gan mhíniú. • Tuairiscítear ábhair imní faoi thinreamh don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** nuair is cuí. • Comhlíonann an scoil a dualgais maidir le tuairisciú chuig **Tusla.** • Má tá dalta **déanach** ag teacht ar scoil síníonn siad isteach ag an oifig agus déantar an rolla a uasdhátú. • Bíonn ar thuismitheoir/caomhnóir dalta a bhailiú ag an oifig má **imíonn siad i rith an lae scoile**. Síníonn siad amach ag an oifig agus déantar an rolla a uasdhátú. • Cuirtear tacaíocht ar fáil do dhaltaí a bhfuil **deacrachtaí tinrimh** acu i gcomhar le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí cuí.

			• Coiméadtear cumarsáid oscailte idir an scoil, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí ábhartha chun folláine na ndaltaí a chinntiú.
	MÚINEADH AGUS FOGHLAIM		
	Teagasc sa seomra ranga	• D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí idir ball foirne agus dalta tarlú. • D'fhéadfadh líomhaintí a bheith ann mar gheall ar easpa maoirseachta nó easpa infheictheachta. • D'fhéadfadh dalta a bheith i mbaol bulaíochta nó droch-iompair ó dhaltaí eile sa seomra ranga. • D'fhéadfaí cumarsáid mhíchuí a tharlú idir múinteoir agus daltaí. • D'fhéadfadh go dteipfeadh ar fhoireann saincheisteanna cosanta leanaí a aithint nó a thuairisciú i gceart.	• Cloíonn an fhoireann leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí** agus le **Polasaithe na Scoile**. • Bíonn maoirseacht chuí i bhfeidhm i gcónaí sa seomra ranga agus ní fhágtar daltaí gan mhaoirseacht. • Cothaítear timpeallacht ranga oscailte, shábháilte agus measúil ina gcuirtear béim ar iompar dearfach. • Tá **beartas frithbhulaíochta** agus **cód iompair na scoile** i bhfeidhm agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad. • Déantar teagasc i suíomh atá infheicthe agus oiriúnach (m.sh. doras oscailte nuair is cuí, painéal gloine sna doirse). • Tá gach ball foirne oilte go rialta i gcúrsaí cosanta leanaí agus tá siad ar an eolas faoina ndualgais tuairiscithe. • Tuairiscítear aon imní láithreach don **Duine Teagmhála Ainmnithe (DLP)** de réir na nósanna imeachta scoile. • Spreagtar cumarsáid oscailte idir múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí chun timpeallacht shábháilte a chinntiú.
	Teagasc duine le duine - Tacaíocht foghlama - Comhairleoireacht - Cruinniú le múinteoir	• D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú • D'fhéadfadh líomhaintí a bheith ann mar gheall ar easpa maoirseachta. • D'fhéadfadh sé tarlú nach dtabharfaí dochar faoi deara nó nach dtuairisceofaí dochar in am.	• Cloíonn an fhoireann leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí** agus le **Polasaithe na Scoile**. • Tarlaíonn ranganna duine le duine i seomraí ina bhfuil infheictheacht iontu, mar shampla: painéal gloine ar an doras nó fágtar an doras oscailte. • Cinntítear nach mbeidh daoine in ann an dalta a aithint ón taobh amuigh. • Cinntítear go bhfuil tuismitheoirí ar an eolas faoi ranganna duine le duine. • Tá oiliúint éigeantach um chosaint leanaí curtha i gcrích ag gach ball foirne • Tuairiscítear aon imní láithreach don **DLP** de réir na nósanna imeachta
	Úsáid TFC sa scoil	• D'fhéadfadh daltaí rochtain a fháil ar ábhar míchuí, díobhálach nó neamh-oiriúnach ar líne.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **mBeartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta** agus le **Polasaí um Chosaint Eolais Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí**.

		• D'fhéadfadh cumarsáid mhíchuí tarlú idir daltaí nó idir daltaí agus daoine eile trí mheáin dhigiteacha. • D'fhéadfadh cibearbhulaíocht tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh sonraí pearsanta daltaí a bheith i mbaol mura bhfuil cosaintí cuí i bhfeidhm. • D'fhéadfadh íomhánna, físeáin nó taifid a roinnt gan toiliú cuí. • D'fhéadfadh mí-úsáid a bhaint as gléasanna scoile. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta ar úsáid TFC rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh teagmháil le daoine anaithnide ar líne riosca a chruthú do shábháilteacht leanaí. • Úsáid an Intleacht Shaorga chun ábhair a chruthú a chruthódh buairt sláinte agus sábháilteacht nó cúraim leanaí.	• Úsáidtear **córais scagtha agus monatóireachta idirlín** ag leibhéal 4 chun rochtain ar ábhar míchuí a chosc. • Úsáidtear **Córas Bainistíochta Fearas Soghluaiste** chun na hIpadanna a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. • Cuirtear **oideachas ar dhaltaí maidir le sábháilteacht ar líne** agus úsáid fhreagrach a bhaint as an teicneolaíocht. • Tá rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le **úsáid gléasanna digiteacha, taifeadadh agus roinnt ábhar**. • Faightear **toiliú tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le húsáid TFC agus le híomhánna/físeáin de dhaltaí. • Déantar monatóireacht ar úsáid TFC go rialta sa seomra ranga agus lasmuigh de, de réir mar is cuí. Úsáidtear an aip **Apple Classroom** chun cabhrú le seo. • Tá an **Polasaí Bí Cineálta** i bhfeidhm a chlúdaíonn cibearbhulaíocht. • Cuirtear **traenáil ar fáil do phobal na scoile** maidir le húsáid shábháilte agus chuí TFC agus maidir le cosaint leanaí ar líne go rialta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile. • Bíonn cosc ar úsáid an iPad i rith am sosa/lóin. • Monatóireacht ar úsáid Intleacht Shaorga a chur i bhfeidhm agus polasaithe agus gnásanna soiléir a bheith i bhfeidhm ar seo.
	MÚINEADH & FOGHLAIM SEACHTRACH		
	Daoine Seachtracha a chuireann leis an gCurcalam - Múinteoirí seachtracha - Aoi-chainteoirí - Cuairteoirí Scoile - Tiománaí Bus - Feitheoirí	• D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí idir duine seachtrach agus daltaí tarlú. • D'fhéadfadh easpa grinnfhiosrúcháin nó seiceálacha cuí riosca a chruthú do shábháilteacht leanaí. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta ar dhaoine seachtracha agus iad ag obair leis na daltaí. • D'fhéadfadh ábhar míchuí nó neamh-oiriúnach a bheith á chur i láthair do dhaltaí. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa treoirlínte soiléire nó teorainneacha gairmiúla.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte ábhartha uile. • Déantar **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**, nuair is cuí, ar gach duine seachtrach a bhíonn ag obair go rialta leis na daltaí. • Ní fhágtar daltaí ina n-aonar le aoi-chainteoirí/cuairteoirí; bíonn **maoirseacht leanúnach ag ball foirne** i gcónaí. • Cuirtear **treoirlínte soiléire** ar fáil do chuairteoirí maidir le hidirghníomhaíochtaí cuí le daltaí. • Déantar **réamhcheadú agus pleanáil** ar aon ábhar a chuirtear i láthair do dhaltaí. • Cuirtear próisis sínithe isteach/amach i bhfeidhm agus caithfidh gach cuairteoir láinnéar a chaitheamh.

		• D'fhéadfadh daoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar dhaltaí nó ar áiseanna scoile.	• Cinntítear go bhfuil gach duine seachtrach ar an eolas faoi **chód iompair na scoile, polasaithe na scoile** agus faoi na **nósanna imeachta cosanta leanaí**. • Tuairiscítear aon imní don **DIA** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Múineadh & Foghlaim ar líne	• D'fhéadfadh cumarsáid mhíchuí tarlú idir múinteoir agus dalta trí mheáin dhigiteacha. • D'fhéadfadh daltaí rochtain a fháil ar ábhar míchuí nó neamhsháibháilte ar líne. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta ar ghníomhaíochtaí ar líne rioscaí a chruthú. • D'fhéadfadh easpa rannpháirtíochta rioscaí a chruthú maidir le dul chun cinn an dalta • D'fhéadfadh íomhánna, físeáin nó taifid a roinnt gan toiliú cuí. • D'fhéadfadh cibearbhulaíocht tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh sonraí pearsanta daltaí a bheith i mbaol mura bhfuil cosaintí cuí i bhfeidhm.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **mBeartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta** agus le **Polasaí um Chosaint Eolais Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí**. • Úsáidtear **ardáin dhigiteacha cheadaithe ag an scoil amháin** le haghaidh cumarsáide agus teagaisc. • Cuirtear **treoir agus oideachas ar dhaltaí maidir le sábháilteacht ar líne** agus úsáid chuí teicneolaíochta. • Bíonn monatóireacht ghníomhach ar siúl ag an múinteoir. • Tá rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le **úsáid ceamaraí, micreafón agus taifeadadh**. • Faightear **toiliú tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le húsáid ardán digiteach agus le taifeadadh más gá. • Cuirtear **Polasaí Bí Cineálta** i bhfeidhm i gcomhthéacs ar líne chomh maith leis an seomra ranga. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **DIA** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Imeachtaí scoile a thaifead - físeáin - grianghraif - meán sóisialta	• D'fhéadfadh íomhánna, físeáin nó taifid de dhaltaí a ghlacadh agus a úsáid ar bhealach míchuí. • D'fhéadfadh ábhar a bheith roinnte gan toiliú cuí ó thuismitheoirí/caomhnóirí. • D'fhéadfadh sonraí pearsanta daltaí a bheith nochtaithe trí mheáin éagsúla. • D'fhéadfadh daoine nach bhfuil an céad acu íomhánna nó físeáin a ghlacadh le linn imeachtaí scoile. • D'fhéadfadh ábhar a bheith uaslódáilte ar líne gan cead. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar úsáid mhíchuí íomhánna nó físeáin. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta le linn imeachtaí scoile rioscaí a mhéadú.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, **Polasaí um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta** na scoile, agus **Polasaí Bí Cineálta** na scoile, **Polasaí um Chosaint Eolais** agus **Polasaí ar Úsáid na Meáin Sóisialta** Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. • Faightear **cead scríofa ó thuismitheoirí/caomhnóirí** sula nglactar nó sula n-úsáidtear íomhánna nó físeáin de dhaltaí. • Tá teacht ar liosta na ndaltaí nach bhfuil cead ag an scoil a íomhánna a úsáid. • Ní úsáidtear íomhánna ná físeáin ach chun críocha oideachais nó scoile agus ar bhealach cuí agus measúil. • Cuirtear **rialacha soiléire** i bhfeidhm maidir le húsáid gléasanna pearsanta chun taifeadadh a dhéanamh. • Déantar monatóireacht ar aon taifeadadh le linn imeachtaí scoile agus bíonn maoirseacht chuí i bhfeidhm.

			• Ní roinntear ábhar ar líne ná ar na meáin shóisialta gan cead ón scoil. • Coinnítear sonraí agus taifid go slán de réir **Rialachán Ginéarálta maidir le Cosaint Sonraí**. • Tuairiscítear aon imní nó mí-úsáid don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Socruithe iompair scoile lena n-áirítear úsáid tionlacan bus	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta ar dhaltaí le linn iompair scoile riosca a chruthú. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí nó idir daltaí agus daoine fásta (tiománaí/tionlacan). • D'fhéadfadh bulaíocht nó iompair mhíchuí tarlú ar an mbus. • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol le linn dul ar bord nó ag fágáil an bhus. • D'fhéadfadh mearbhall teacht ar shocruithe bailithe nó scaoilte daltaí. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha nó le riachtanais speisialta a bheith i mbaol mura bhfuil tacaíocht chuí ar fáil. • D'fhéadfadh timpistí bóthair nó rioscaí sábháilteachta eile tarlú le linn taistil. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa maoirseachta nó teorainneacha soiléire.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le hiompar scoile. • Cuirtear **maoirseacht chuí** ar fáil trí thiománaithe agus tionlacan bus oilte, de réir mar is gá. • Déantar **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**, nuair is cuí, ar dhaoine fásta a bhíonn i dteagmháil rialta le daltaí. • Tá **rialacha soiléire iompair** i bhfeidhm do dhaltaí agus cuirtear in iúl iad do thuismitheoirí/caomhnóirí. • Déantar maoirseacht ar dhaltaí agus iad ag **dul ar bord agus ag fágáil an bhus** chun sábháilteacht a chinntiú. • Coinnítear **cumarsáid shoiléir le tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le socruithe iompair agus aon athruithe. • Cuirtear socruithe breise i bhfeidhm do **dhaltaí le riachtanais speisialta nó leochaileacha**, lena n-áirítear tionlacan nuair is gá. • Déantar monatóireacht ar iompar daltaí ar an mbus agus cuirtear **na polasaithe cuí** i bhfeidhm más gá. • Tuairiscítear aon imní don **Duine Idirchaaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACH-CHURACLAIM		
	Staidéar Maoirsithe/Club Obair bhaile/Club bricfeasta	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh bulaíocht nó iompair mhíchuí tarlú i suíomh níos neamhfhoirmeálta. • D'fhéadfadh easpa soiléireachta maidir le freagrachtaí foirne rioscaí a mhéadú. • Nách mbeadh duine ag freastal ar imeachtaí mar seo gan na tuismitheoirí a bheith ar an eolas faoi.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Cuirtear **Cód Iompair na scoile agus an Polasaí Bí Cineálta, an Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta, an Polasaí Dáileadh Leighis agus an Beartas um Úsáid Fóin Pearsanta** i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na himeachtaí seo chun rioscaí a laghdú. • Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm i gcónaí. • Ní fhágtar daltaí gan mhaoirseacht ag aon am le linn na gclár seo.

		• D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire nó maoirseachta.	• Tá **clárú agus tinreamh** i bhfeidhm do gach dalta a fhreastalaíonn ar na gníomhaíochtaí seo. • Tá **socruithe soiléire bailithe agus imeachta** i bhfeidhm le haghaidh daltaí leochaileacha. • Ní cheadaítear do dhaoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar dhaltaí; cuirtear **córas sínithe isteach/amach** i bhfeidhm más gá. • Coiméadtear cumarsáid rialta le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le rannpháirtíocht agus tinreamh daltaí. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Am sosa/Am lóin	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh bulaíocht, iompair ionsaitheach nó coimhlintí tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh timpistí nó gortuithe tarlú le linn súgartha nó gníomhaíochtaí lasmuigh. • D'fhéadfadh daltaí dul amach as limistéir ainmnithe gan chead. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí nó idir daltaí agus daoine fásta. • D'fhéadfadh rochtain ag daoine neamhúdaraithe ar dhaltaí le linn sosanna. • D'fhéadfadh saincheisteanna sábháilteachta bia tarlú le linn am lóin (m.sh. ailléirgí). • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith i mbaol i suíomh níos neamhfhoirmeálta.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Tá **maoirseacht chuí agus infheicthe** i bhfeidhm i gcónaí le linn am sosa agus am lóin. • Socraítear **áiteanna cinnte go bhfuil cead ag na daltaí am a chaitheamh le linn na sosanna** seo agus cuirtear rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le gluaiseacht daltaí. • Déantar monatóireacht ar iompar daltaí agus déileáiltear go pras le haon eachtraí. • Cuirtear **treoirlínte sábháilteachta** ar fáil maidir le súgradh agus úsáid trealaimh. • Tá bearta i bhfeidhm chun **rochtain neamhúdaraithe ar an láthair scoile a chosc** (m.sh. geataí, dorais, maoirseacht). • Déantar bainistiú cuí ar **riachtanais aiste bia agus ailléirgí** daltaí le linn am lóin agus tá gach duine sa scoil ar an eolas faoin **bPolasaí Saor ó Chnónna agus Píseanna Talún**.. • Tugtar aird ar dhaltaí leochaileacha agus cuirtear **tacaíocht bhreise** cosúil le clubanna ag am lóin ar fáil. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Úsaid na leithris/na limistéar athraithe/na gcithfholcadáin i scoileanna	• D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí nó idir daltaí agus daoine fásta sna limistéir phríobháideacha seo. • D'fhéadfadh bulaíocht, ciapadh nó iompar míchuí tarlú i suíomh nach bhfuil faoi mhaoirseacht leanúnach. • D'fhéadfadh sárú ar phríobháideacht daltaí tarlú (m.sh. breathnú isteach, grianghraif nó taifeadadh neamhúdaraithe).	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm, agus meas iomlán á léiriú ar phríobháideacht daltaí. • Tá **rialacha soiléire** i bhfeidhm maidir le húsáid leithris, níl cead ach le cúigear a bheith istigh sa leithreas ag an am. • Caitheann na daltaí a n-éadaí spóirt na laethanta go mbíonn Corpoideachas acu agus mar sin ní úsaidtear na seomraí athraithe ná na cithfholcadáin..

		• D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith i mbaol sna limistéir seo nó ag ithe a lóin istigh ann. • D'fhéadfadh rochtain ag daoine neamhúdaraithe ar na limistéir seo riosca a chruthú. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire nó maoirseachta chuí.	• Ní cheadaítear do dhaoine fásta dul isteach sna limistéir seo ach amháin nuair is gá agus de réir **treoirlínte soiléire cosanta leanaí**. • Tá **cosc dian ar ghléasanna taifeadta** sna limistéir seo. • Déantar monatóireacht rialta ar na limistéir chun sábháilteacht agus sláinteachas a chinntiú. • Cuirtear tacaíocht bhreise ar fáil do **dhaltaí leochaileacha nó le riachtanais speisialta** nuair is gá. • Cuirtear béim ar **mheas ar phríobháideacht agus ar dhínit** gach dalta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Gníomhaíochtaí Spóirt	• D'fhéadfadh gortuithe fisiciúla tarlú le linn gníomhaíochtaí spóirt. • D'fhéadfadh teagmháil mhíchuí tarlú idir ball foirne agus dalta (m.sh. agus cúnamh fisiciúil á thabhairt). • D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí rioscaí a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh bulaíocht nó iompair ionsaitheach tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith faoi bhrú páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nach bhfuil oiriúnach dóibh. • D'fhéadfadh saincheisteanna sláinte (m.sh. asma, gortuithe roimhe seo) dul i bhfeidhm ar rannpháirtíocht shábháilte. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar theagmháil fhisiciúil nó ar easpa teorainneacha soiléire.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**. • Cuirtear na polasaithe scoile seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach: **Cód Iompair**, **Polasaí Bí Cineálta**, **Beartas um Úsáid Fóin Pearsanta ar scoil** agus **an Polasaí ar Thurais Scoile**, • Déantar **measúnú riosca** ar gach gníomhaíocht spóirt roimh ré. • Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm i gcónaí. Sin iad daoine le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána déanta orthu agus an líon ceart daoine fásta chomh maith leis an inscne ceart orthu ag taisteal leis na ndaltaí. • Cinntítear go bhfuil **trealamh sábháilte agus oiriúnach** á úsáid agus go ndéantar iniúchadh rialta air. • Leanann an fhoireann **treoirlínte maidir le teagmháil fhisiciúil chuí** agus cothaítear teorainneacha gairmiúla i gcónaí. • Cuirtear **rialacha soiléire agus ionchais iompair** in iúl do dhaltaí roimh ghníomhaíochtaí. • Tá na daoine fásta ag taisteal ar an eolas faoi riachtanais sláinte/leighis gach dalta atá ag taisteal. Tógtar leighis leo más gá. • Tá traenáil faighte agus é suas chun dáta ag duine fásta amháin ar a laghad atá ag taisteal i gcúrsaí garchabhrach. • Tá an mála garchabhrach acu. Cinntíonn siad go bhfuil an trealamh ceart sa mhála sula bhfágtar. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Turais Scoile - Turais Lae	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí agus iad as láthair ón scoil.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte ábhartha uile.

	- Turais thar Oíche - Turais Idináisiúnta	• D'fhéadfadh daltaí imeacht ón ngrúpa nó dul ar strae le linn turais. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí nó idir daltaí agus daoine fásta. • D'fhéadfadh bulaíocht nó iompair mhíchuí tarlú i suíomh níos neamhfhoirmeálta. • D'fhéadfadh rioscaí breise a bheith ann le linn turais thar oíche (m.sh. socruithe codlata,caighdeán an lóistín, príobháideacht). • D'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta tarlú (m.sh. timpistí, tinneas, ailléirgí). • D'fhéadfadh rioscaí breise a bheith ann le linn turais idirnáisiúnta (m.sh. taisteal, dlíthe éagsúla, teanga). • D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn maidir le húsáid grianghrafadóireachta, físeáin nó meán sóisialta. • D'fhéadfadh maoill teacht ar shocruithe iompair, lóistín nó bailithe daltaí. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire nó maoirseachta.	• Déantar **measúnú riosca cuimsitheach** ar gach turas roimh ré. • Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm i gcónaí. • Faightear **toiliú tuismitheoirí/caomhnóirí** agus soláthraítear eolas iomlán faoin turas roimh ré. • Tá **pleananna soiléire** i bhfeidhm maidir le taisteal, lóistín, béilí agus gníomhaíochtaí. • Bíonn **guthán na scoile** ag an múinteoir agus tá an uimhir seo ag gach dalta ar an turas agus a dtuismitheoirí. • Bíonn **uimhir teagmhála an tiománaí bus** ag an múinteoir má tá bus i gceist agus cinntítear **áit chun bualadh** leis an mbus arís. • Déantar socruithe cuí maidir le **sláinte daltaí** (m.sh. leighis, riachtanais speisialta, teagmhálacha éigeandála). • Cuirtear **rialacha agus ionchais iompair** in iúl go soiléir do dhaltaí roimh an turas agus déantar an **Polasaí ar Thurais Scoile** a phlé leo. • Déantar maoirseacht ar dhaltaí i gcónaí agus ní fhágtar iad ina n-aonar ach amháin i gcásanna **am saor ceadaithe**. Bíonn ***buddy*** amháin ag gach dalta a bhíonn leo i gcónaí le linn na hamanntaí seo. • I gcásanna am saor roghnaítear **limistéir cinnte** go bhfuil cead ag na daltaí a bheith ann agus roghnaítear **am agus áit bualadh**. Cuirtear na daltaí ar an eolas faoi na socruithe seo. • Tá treoirlínte soiléire i bhfeidhm maidir le **teorainneacha gairmiúla agus socruithe codlata** más gá. • Déantar pleanáil bhreise agus bainistíocht riosca le haghaidh **turais idirnáisiúnta** (m.sh. árachas, pasanna, dlíthe áitiúla). • Déantar monatóireacht ar úsáid grianghrafadóireachta agus meán sóisialta de réir **Polasaí um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta na scoile agus** coiméadtear sonraí agus taifid go slán de réir **Rialachán Ginéarálta maidir le Cosaint Sonraí**. • Coiméadtear cumarsáid rialta leis an scoil agus le tuismitheoirí/caomhnóirí le linn an turais. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Imeachtaí thiomsú airgid a bhaineann le daltaí	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí le linn imeachtaí.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Déantar **measúnú riosca cuimsitheach** ar gach imeacht roimh ré.

		• D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí, daoine fásta nó baill den phobal. • D'fhéadfadh bulaíocht, iompair mhíchuí nó coimhlintí tarlú le linn imeachtaí. • D'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta tarlú (m.sh. timpistí, plódú, úsáid trealaimh). • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol agus iad ag bailiú airgid nó ag idirghníomhú leis an bpobal. • D'fhéadfadh maoill teacht ar shocruithe iompair, bailithe nó maoirseachta. • D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn maidir le húsáid grianghrafadóireachta, físeáin nó meán sóisialta. • D'fhéadfadh brú míchuí a bheith ar dhaltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí nó i ngníomhaíochtaí. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire nó maoirseachta.	• Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm i gcónaí. • Faightear **toiliú tuismitheoirí/caomhnóirí** nuair is gá agus cuirtear eolas soiléir ar fáil faoin imeacht. • Cuirtear **rialacha agus ionchais iompair** in iúl go soiléir do dhaltaí roimh an turas agus déantar an **Polasaí ar Thurais Scoile** a phlé leo. • Déantar bainistíocht shábháilte ar airgead agus ní fhágtar daltaí ina n-aonar agus iad ag bailiú airgid. • Tá bearta cuí sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm maidir le húsáid trealaimh, bia agus sluaite. • Déantar monatóireacht ar úsáid grianghrafadóireachta agus meán sóisialta de réir **bheartais TFC agus cosanta sonraí na scoile**. • Ní chuirtear iallach ar dhaltaí páirt a ghlacadh agus tugtar aird ar leas agus folláine gach dalta. • Déantar monatóireacht ar úsáid grianghrafadóireachta agus meán sóisialta de réir **Polasaí um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta na scoile agus** coiméadtear sonraí agus taifid go slán de réir **Rialachán Ginéarálta maidir le Cosaint Sonraí**. • Coiméadtear cumarsáid rialta le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le socruithe an imeachta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Lá Spóirt	• D'fhéadfadh gortuithe fisiciúla tarlú le linn imeachtaí agus gníomhaíochtaí spóirt. • D'fhéadfadh trealamh loctach a bheith in úsáid gan fhios. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh bulaíocht, iompair ionsaitheach nó iomaíocht mhíshláintiúil tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh dalta a bheith aonraithe. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith ag mothú faoi strúis. • D'fhéadfadh úsáid mhíchuí trealaimh spóirt a bheith ina chúis le timpistí nó díobháil. • D'fhéadfadh daltaí imeacht ó limistéir ainmnithe gan chead.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Déantar **measúnú riosca cuimsitheach** ar Lá Spóirt roimh ré. • Cuirtear **maoirseacht chuí** i bhfeidhm i gcónaí. • Bíonn duine le **traenáil garchabhrach** ar fáil. • Bíonn **CRS** ar fáil. • Déantar iniúchadh ar **threalamh agus ar áiseanna spóirt** chun a chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus oiriúnach. • Cuirtear **rialacha soiléire agus ionchais iompair** in iúl do dhaltaí roimh na gníomhaíochtaí. • Tá **Polasaí Bí Cinéalta** na scoile i bhfeidhm agus déileáiltear go pras le haon eachtraí. • Déantar foirne amach roimhré. • Déantar monatóireacht ar shláinte agus folláine daltaí agus cuirtear **sosanna uisce, scáth agus garchabhair** ar fáil.

		• D'fhéadfadh rioscaí sláinte tarlú mar gheall ar aimsir, tuirse, díhiodráitiú nó riachtanaisí leighis. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí agus daoine fásta nó cuairteoirí. • D'fhéadfadh plódú nó maoill teacht ar shocruithe maoirseachta agus gluaiseachta daltaí. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire nó maoirseachta.	• Tá socruithe speisialta i bhfeidhm do dhaltaí le **riachtanais leighis nó riachtanais speisialta**. • Coiméatear daltaí i limistéir ainmnithe agus déantar maoirseacht ar ghluaiseacht timpeall na háite. • Déantar bainistiú ar chuairteoirí agus ar thuismitheoirí de réir nósanna imeachta na scoile. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Daltaí ón scoil ag glacadh páirte i dtaithí oibre in áit eile	• D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol mar gheall ar easpa maoirseachta cuí san ionad oibre. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí agus fostóirí, comhghleacaithe nó daoine eile san ionad oibre. • D'fhéadfadh daltaí a bheith nochtaithe do thimpeallachtaí nó do chúraimí nach bhfuil sábháilte nó oiriúnach dá n-aois. • D'fhéadfadh bulaíocht, ciapadh nó leithcheal tarlú san ionad oibre. • D'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bheith ann (m.sh. trealamh, ceimiceáin, taisteal). • D'fhéadfadh easpa eolais ag daltaí maidir lena gcearta agus le teorainneacha gairmiúla rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith i mbaol mura bhfuil tacaíochtaí cuí i bhfeidhm. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa nósanna imeachta soiléire agus teagmhála.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le taithí oibre. • Déantar **measúnú riosca** ar gach socrú taithí oibre roimh ré. • Roghnaítear ionaid oibre atá oiriúnach agus sábháilte do dhaltaí agus déantar seiceálacha cuí nuair is gá. • Cuirtear eolas soiléir ar fáil do dhaltaí agus tuismitheoirí maidir le **sábháilteacht, teorainneacha gairmiúla agus nósanna imeachta tuairiscithe**. • Coinméadtear cumarsáid rialta idir an scoil, an fostóir, an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí. • Tá sonraí teagmhála agus nósanna imeachta éigeandála i bhfeidhm do gach socrú taithí oibre. • Tugtar aird ar riachtanais daltaí le **riachtanais speisialta nó leochaileachtaí** agus cuirtear tacaíochtaí cuí ar fáil nuair is gá. • Spreagtar daltaí chun aon imní a thuairisciú láithreach do bhall foirne ainmnithe sa scoil. • Déantar monatóireacht ar rannpháirtíocht daltaí agus ar a bhfolláine le linn na tréimhse taithí oibre. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	DALTAÍ LE BREIS LEOCHAILEACHTAÍ		
	Cúram daltaí a bhfuil: - leochaileachtaí acu - riachtanais shonrach éigin acu. - riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear cúram pearsanta nuair is ga, acu.	• D'fhéadfadh daltaí a bhfuil leochaileachtaí nó riachtanais shonracha acu a bheith i mbaol níos mó díobhála, bulaíochta nó leithcheala. • D'fhéadfadh easpa tacaíochta cuí nó maoirseachta riosca a chruthú	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Eagraítear **cruinnthe le múinteoirí bunscoile** na ndaltaí ag teacht chun na scioe chun riachtanaisí gach dalta a phlé.

		do shábháilteacht agus folláine daltaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith níos leochailí i leith idirghníomhaíochtaí míchuí nó mí-úsáide. • D'fhéadfadh deacrachtaí cumarsáide cur isteach ar chumas daltaí imní nó eachtraí a thuairisciú. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar chúram pearsanta nó teagmháil fhisiciúil riachtanach. • D'fhéadfadh easpa eolais nó oiliúna i measc foirne maidir le riachtanaisí daltaí rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh saincheisteanna sláinte, cúraim phearsanta, iompair nó mothúchánacha teacht chun cinn. • D'fhéadfadh daltaí a bheith scoite amach go sóisialta nó faoi mhíbhuntáiste i ngníomhaíochtaí scoile mura bhfuil tacaíochtaí cuí ar fáil. • D'fhéadfadh tinreamh íseal a bheith ag an dalta • D'fhéadfadh easpa príobháideachta nó dínite teacht chun cinn le linn cúraim phearsanta. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn maidir le teagmháil fhisiciúil riachtanach.	• Faightear **aiseolas rialta** maidir le dul chun cinn na ndaltaí seo sa seomra ranga ó na múinteoirí ábhair. • Déantar **tástáil CAT4** ar dhaltaí na Chéad Bhliana go luath i mBliain 1 chun níos mó eolais a bhailiú faoi na riachtanaisí oideachais a d'fhéadfadh a bheith acu. • Déantar **measúnú ar riachtanais agus ar rioscaí** gach dalta agus cuirtear pleananna tacaíochta cuí i bhfeidhm nuair is gá. • Cuirtear **maoirseacht agus tacaíocht chuí** ar fáil do dhaltaí de réir a riachtanas aonair. • Faigheann baill foirne **oiliúint chuí** maidir le riachtanais speisialta, cúram pearsanta agus cosaint leanaí. • Coiméadtear **teorainneacha gairmiúla soiléire** agus leanann an fhoireann treoirlínte maidir le teagmháil fhisiciúil chuí. • Leanann an fhoireann **treoirlínte soiléire maidir le teagmháil fhisiciúil agus cúram pearsanta**, agus meas iomlán á léiriú ar phríobháideacht agus ar dhínit an dalta. • Déantar cúram pearsanta, nuair is gá, i suíomh cuí agus sábháilte de réir nósanna imeachta na scoile. • Cuirtear béim ar **chuimsiú, meas agus comhionannas** i ngach gné de shaol na scoile. • Coiméadtear cumarsáid rialta leis na **tuismitheoirí/caomhnóirí agus gníomhaireachtaí cuí** maidir le folláine agus riachtanais an dalta. • Déantar gach iarracht timpeallacht chuimsitheach, shábháilte, thacúil agus intuartha a chruthú do dhaltaí. • Cuirtear comhairleoir scoile chun tacú leis an dalta más gá. • Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le **cúram pearsanta, cógais agus riachtanais leighis** nuair is gá. • Spreagtar daltaí chun aon imní a chur in iúl do bhall foirne. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Cúram Páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu - Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh - An Lucht Siúil - Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh	• D'fhéadfadh daltaí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu a bheith níos leochailí i leith bulaíochta, leithcheala, ciníochas nó beith imeallaithe. • D'fhéadfadh nach mbeadh an scoil ar an eolas faoi na nósanna reiligiúnacha cuí agus mar sin nach mbeadh an scoil in ann freastal cuí a dhéanamh ar a gcuid riachtanaisí.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus **Cód Iompair na scoile** agus leis na polasaithe ábhartha uile maidir le comhionannas agus cuimsiú. • Cothaítear timpeallacht scoile atá **fáilteach, chuimsitheach agus measúil** do gach dalta beag beann ar chúlra, cultúr, creideamh nó cúinsí pearsanta. • Eagraítear laethanta scoile **Bí Cineálta** agus **Folláine** áit a chuirtear béim ar an

	- Daltaí faoi chúram an Stáit - Daltaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí **Daltaí LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT**	• D'fhéadfadh easpa tuisceana ar chúlraí cultúrtha, teanga nó creidimh daltaí tionchar diúltach a bheith ar a bhfolláine. • D'fhéadfadh daltaí faoi chúram an Stáit nó ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí a bheith níos leochailí i leith díobhála nó strus mothúchánach. • D'fhéadfadh deacrachtaí cumarsáide cur isteach ar chumas daltaí imní nó eachtraí a thuairisciú. • D'fhéadfadh easpa tacaíochta cuí nó maoirseachta rioscaí a mhéadú do dhaltaí leochaileacha. • D'fhéadfadh daltaí a bheith scoite amach ó ghníomhaíochtaí scoile nó ó chaidrimh dhearfacha sóisialta. • D'fhéadfadh steiréitíopaí, claontacht nó iompar míchuí ó dhaltaí eile nó ó dhaoine fásta tionchar diúltach a bheith ar dhaltaí. • D'fhéadfadh saincheisteanna rúndachta agus príobháideachta teacht chun cinn maidir le faisnéis íogair faoi dhaltaí.	ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht a spreagadh. • Tá **polasaí Bí Cineálta** i bhfeidhm agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é. • Cuirtear **tacaíocht agus maoirseacht chuí** ar fáil do dhaltaí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu de réir a riachtanas aonair. • Coimeádtear cumarsáid rialta leis na **tuismitheoirí/caomhnóirí, Tusla agus gníomhaireachtaí ábhartha eile**, nuair is cuí. • Déantar gach iarracht riachtanais teanga, cultúrtha agus reiligiúnacha daltaí a aithint agus meas a léiriú orthu. • Faigheann an fhoireann **oiliúint chuí** maidir le cosaint leanaí, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. • Coimeádtear sonraí agus taifid go slán de réir **Rialachán Ginéarálta maidir le Cosaint Sonraí**. • Spreagtar daltaí chun aon imní a chur in iúl do bhall foirne. • Déantar monatóireacht ar fholláine agus ar rannpháirtíocht daltaí chun aon imní a aithint go luath. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	LEIGHEAS		
	Leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu	• D'fhéadfadh géarchéimeanna leighis nó eachtraí sláinte tarlú le linn an lae scoile. • D'fhéadfadh easpa eolais nó oiliúna i measc foirne maidir le riachtanais leighis daltaí rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh botúin tarlú maidir le stóráil, riaradh, monatóireachtnó dáileadh cógais. • D'fhéadfadh nach mbeadh teacht ar an leigheas nó dearúd a dhéanamh ar an leighis thabhairt leo agus dalta amuigh ar turas scoile • D'fhéadfadh maoill ar fhreagairt i gcás éigeandála tionchar diúltach a bheith ar shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh go mbeadh frithghníomh ag an bpáiste ar an leigheas • D'fhéadfadh daltaí a bheith scoite amach ó ghníomhaíochtaí scoile mar gheall ar a riachtanais leighis.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile maidir le cúram leighis agus sláinte daltaí - **Polasaí ar dháileadh leighis**, **Polasaí Saor ó Chnónna agus Píseanna Talún**, **Polasaí um Chás Éigeandála** agus **Polasaí Sláinte agus Sabháilteacha**. • Déantar **plean cúraim aonair** a ullmhú do dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis acu, nuair is gá. • Coiméadtear faisnéis chruinn agus cothrom le dáta maidir le riachtanais leighis agus teagmhálacha éigeandála daltaí. • Faigheann baill foirne **oiliúint chuí** maidir le riachtanais leighis áirithe agus maidir le cógais a riaradh nuair is gá. • Eolas faoi aon dalta le riachtanaisí leighis feiceálach sa Seomra Foirne faoi dhaltaí le riachtanaisí leighis. • Déantar cógais a stóráil agus a riaradh de réir **nósanna imeachta soiléire agus sábháilte** na scoile. • Tá teacht éasca ag gach ball forine ar an gcógas seo sa Seomra Garchabhair.

		• D'fhéadfadh saincheisteanna príobháideachta agus rúndachta teacht chun cinn maidir le faisnéis sláinte daltaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol bulaíochta nó leithcheala mar gheall ar a riachtanais leighis. • D'fhéadfadh easpa cumarsáide idir an scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí nó gairmithe sláinte rioscaí a mhéadú.	• Cinntítear cógas a thabhairt ar turais scoile nó aon imeachtaí spóirt srl a tharlaíonn amuigh ó láthair • Tá socruithe éigeandála agus rochtain ar **garchabhair** i bhfeidhm i gcónaí. • Coiméadtear cumarsáid rialta le **tuismitheoirí/caomhnóirí agus gairmithe sláinte** más gá maidir le folláine agus riachtanais an dalta. • Déantar gach iarracht a chinntiú go mbíonn daltaí le riachtanais leighis páirteach go hiomlán agus go sábháilte i saol na scoile. • Cosnaítear príobháideacht agus dínit daltaí agus déantar faisnéis sláinte a láimhseáil go rúnda de réir **Rialachán Ginéarálta maidir le Cosaint Sonraí**. • Tá **polasaí Bí Cineálta** na scoile i bhfeidhm chun tacú le folláine agus cuimsiú gach dalta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Garchabhair a thabhairt	• D'fhéadfadh teagmháil fhisiciúil riachtanach le daltaí líomhaintí nó míthuiscintí a chruthú. • D'fhéadfadh easpa oiliúna cuí i measc foirne riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh cóireáil mhíchuí nó maoill ar gharchabhair tionchar diúltach a bheith ar fholláine dalta. • D'fhéadfadh easpa príobháideachta nó dínite teacht chun cinn agus garchabhair á tabhairt. • D'fhéadfadh riosca ionfhabhtaithe nó nochtadh do shubstaintí coirp tarlú. • D'fhéadfadh easpa taifead cruinn ar eachtraí nó ar chóireáil rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith níos mó i mbaol i gcás éigeandála leighis. • D'fhéadfadh easpa cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le heachtraí sláinte teacht chun cinn.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile maidir le sláinte agus sábháilteacht. • Faigheann baill foirne ainmnithe **oiliúint chuí garchabhrach** agus déantar í a athnuachan go rialta. • Déantar garchabhair i suíomh cuí agus sábháilte agus meas iomlán á léiriú ar phríobháideacht agus ar dhínit an dalta. • Leanann an fhoireann treoirlínte soiléire maidir le **teagmháil fhisiciúil chuí** agus le cosaint leanaí. • Coimeádtear **trealamh garchabhrach** iomlán agus é i ndáta sa scoil. • Úsáidtear trealamh cosanta pearsanta (m.sh. lámhainní) nuair is gá chun riosca ionfhabhtaithe a laghdú. • Coiméadtear **taifid chruinne** ar eachtraí, ar chóireáil agus ar chumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí. • Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi aon eachtraí suntasacha nó nuair a thugtar garchabhair dá leanbh. • Tá nósanna imeachta éigeandála i bhfeidhm maidir le teagmhais thromchúiseacha nó riachtanais leighis speisialta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	BAINISTÍOCHT AR IOMPAR DÚSHLÁNACH		

	Bainistíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí	• D'fhéadfadh daltaí nó baill foirne a bheith i mbaol díobhála le linn eachtraí iompair dhúshlánaigh. • D'fhéadfadh úsáid mhíchuí srianta fisiciúla nó idirghabhálacha riosca a chruthú do shábháilteacht agus folláine daltaí. • D'fhéadfadh líomhaintí nó míthuiscintí teacht chun cinn maidir le teagmháil fhisiciúil le daltaí. • D'fhéadfadh easpa oiliúna nó treorach i measc foirne rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith níos mó i mbaol struis, imní nó tráma le linn eachtraí. • D'fhéadfadh bulaíocht, coimhlintí nó iompar ionsaitheach tionchar diúltach a bheith ar dhaltaí eile. • D'fhéadfadh easpa taifead cruinn agus monatóireachta ar eachtraí rioscaí a mhéadú. • D'fhéadfadh easpa cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí nó le gairmithe cuí tionchar diúltach a a bheith ar bhainistíocht iompar.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **gCód Iompair** agus leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le bainistíocht iompair. • Cuirtear béim ar **iompar dearfach, coiscthe agus díghéarú** mar phríomhstraitéisí bainistíochta iompair. • Faigheann baill foirne **oiliúint chuí** maidir le bainistíocht iompar dúshlánach agus úsáid shábháilte srianta nuair is gá. • Ní úsáidtear srian fisiciúil ach amháin nuair atá sé **riachtanach, comhréireach agus mar rogha dheireanach** chun sábháilteacht a chinntiú. • Leanann an fhoireann treoirlínte soiléire maidir le **teagmháil fhisiciúil chuí agus teorainneacha gairmiúla**. • Déantar **measúnuithe riosca agus pleananna tacaíochta aonair** do dhaltaí nuair is gá. • Coiméadtear taifid chruinne ar aon eachtraí iompair agus ar úsáid srianta. • Coiméadtear cumarsáid rialta le **tuismitheoirí/caomhnóirí agus gairmithe ábhartha** maidir le tacaíocht agus folláine daltaí. • Déantar gach iarracht timpeallacht shábháilte, mheasúil agus thacúil a chothú do gach dalta agus ball foirne. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Cur i bhfeidhm smachtbhanna mar chuid den Chód Iompair – tréimhse machnaimh, gutháin a thógaint srl	• D'fhéadfadh daltaí a bheith trína chéile nó faoi strus mar gheall ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí. • D'fhéadfadh líomhaintí nó míthuiscintí teacht chun cinn maidir le hidirghníomhaíochtaí idir foireann agus daltaí le linn smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. • D'fhéadfadh úsáid mhíchuí nó neamhchomhsheasmhach smachtbhannaí tionchar diúltach a bheith ar fholláine daltaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith scoite amach nó gan mhaoirseacht chuí le linn tréimhse machnaimh. • D'fhéadfadh iompar dúshlánach teacht chun cinn agus smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**, leis an **gCód Iompair** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Cuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach **cothrom, comhsheasmhach agus measúil**. • Cuirtear béim ar **iompar dearfach** nuair is féidir. • Ní fhágtar daltaí gan mhaoirseacht le linn tréimhse machnaimh nó smachtbhannaí eile agus cinntítear go bhfuil painéal gloine ar an doras más i seomra atá siad. • Coiméadtear **teorainneacha gairmiúla soiléire** i gcónaí agus seachnaítear aon iompar a d'fhéadfadh míthuiscint a chruthú. • Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm maidir le **gutháin phóca nó maoin phearsanta eile a thógaint ó dhalta agus a stóráil go sábháilte**. • Cinntítear i gcónaí nach fágtar dalta gan bealach chun teagmháil a dhéanamh le

		• D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn maidir le príobháideacht agus le láimhseáil mhaoin phearsanta (m.sh. gutháin phóca). • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith níos mó i mbaol struis. • D'fhéadfadh easpa cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí rioscaí a mhéadú.	tuismitheoirí/caomhnóirí más gá agus mar sin **ní choiméadtear guthán dalta lasmuigh d'uaireanta scoile**. Ina ionad seo tugann an dalta €10 don scoil le haghaidh carthanachta. • Coiméadtear taifid chuí ar eachtraí tromchúiseacha agus ar smachtbhannaí nuair is gá. • Déantar cumarsáid rialta le **tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le iompair agus smachtbhannaí. • Tugtar aird ar riachtanais agus ar leochaileachtaí aonair daltaí agus smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Cosc agus déileáil le bulaíocht i measc daltaí	• D'fhéadfadh bulaíocht fhisiciúil, bhriathartha, shóisialta nó chibearbhulaíocht tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol díobhála mothúchánaí, imní, íseal-mheasa nó bheith aonaraithe mar gheall ar bhulaíocht. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha a bheith níos mó i mbaol bulaíochta nó aonarú. • D'fhéadfadh go ndéanfar líomhán bhulaíochta faoi dhalta gan cúis. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí i limistéir áirithe den scoil rioscaí bulaíochta a mhéadú. • D'fhéadfadh bulaíocht leanúnach tionchar diúltach a bheith aige ar tinreamh scoile, ar rannpháirtíocht agus ar fholláine daltaí. • D'fhéadfadh easpa tuairisciú nó easpa muiníne ag daltaí i bpróisis na scoile cosc a chur ar imní a nochtadh. • D'fhéadfadh coimhlíntí idir daltaí dul in olcas mura ndéantar deileáil leo go pras agus go cuí. • D'fhéadfadh úsáid mhíchuí na meán sóisialta agus teicneolaíochta cibearbhulaíocht a éascú.	• Cloíonn an scoil leis **Nósanna imeachta Bí Cineálta** agus leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025**. • Tá **Polasaí Bí Cineálta** soiléir i bhfeidhm agus cuirtear in iúl é do dhaltaí, do thuismitheoirí/caomhnóirí agus don fhoireann agus déantar athbhreithniú rialta air. • Cothaítear timpeallacht scoile atá **sábháilte, chuimsitheach agus measúil** do gach dalta. • Déantar maoirseacht chuí ar dhaltaí le linn am sosa, am lóin agus gníomhaíochtaí eile. • Spreagtar daltaí chun aon imní nó eachtraí bulaíochta a thuairisciú do bhall foirne. • Déantar deileáil go pras agus go cothrom le haon líomhaintí nó eachtraí bulaíochta de réir nósanna imeachta na scoile. • Cuirtear **oideachas agus feasacht** ar fáil maidir le bulaíocht, cibearbhulaíocht, comhionannas agus meas ar dhaoine eile. • Coiméadtear taifid chuí ar eachtraí bulaíochta agus ar na céimeanna a glacadh chun déileáil leo. • Coiméadtear cumarsáid rialta le **tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le bulaíochta nuair is gá. • Cosnófar gach dalta i gcás bulaíochta agus cuirtear tacaíocht ar fáil do dhaltaí a mbíonn tionchar ag bulaíocht orthu chomh maith le daltaí a léiríonn iompar bulaíochta. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Sosanna gluaiseachta	• D'fhéadfadh gortuithe nó timpistí tarlú le linn gluaiseachta sa seomra ranga nó sna pasáistí.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile.

	(aonair agus i ngrúpaí)	• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht daltaí. • D'fhéadfadh bulaíocht nó iompar míchuí tarlú le linn na sosanna. • D'fhéadfadh daltaí imeacht ó limistéir ceadaithe gan chead. • D'fhéadfadh daltaí leochaileacha nó le riachtanais speisialta a bheith níos mó i mbaol le linn gluaiseachta. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daltaí. • D'fhéadfadh plódú nó gluaiseacht neamhsháb́háilte rioscaí sláinte agus sábháilteachta a chruthú. • D'fhéadfadh easpa struchtúir nó rialacha soiléire tionchar diúltach a bheith ar iompar agus ar fholláine daltaí.	• Cuirtear **maoirseacht chuí agus infheicthe** i bhfeidhm le linn sosanna gluaiseachta. Más dalta aonair atá ag tógaint an sos gluaiseachta beidh **CRS** leo. • Tá **rialacha agus ionchais shoiléire** i bhfeidhm maidir le gluaiseacht shábháilte timpeall na scoile. • Coiméadtear daltaí i limistéir ceadaithe agus déantar monatóireacht ar ghluaiseacht daltaí. • Déantar gach iarracht timpeallacht shábháilte, dhearfach agus mheasúil a chothú. • Tá **Polasaí Bí Cineálta** na scoile i bhfeidhm agus déantar deileáil go pras le haon eachtraí a bhaineann le seo. • Cuirtear tacaíocht agus socruithe breise ar fáil do **dhaltaí le riachtanais speisialta nó leochaileachtaí** nuair is gá. • Cuirtear béim ar iompar sábháilte agus ar mheas ar dhaoine eile le linn na sosanna. • Déantar monatóireacht rialta ar limistéir ina mbíonn daltaí ag gluaiseacht chun rioscaí sábháilteachta a laghdú. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Foráil churaclaim i leith OSPS agus OCG	• D'fhéadfadh daltaí a bheith trína chéile nó míchompordach le linn plé ar ábhair phearsanta nó íogaire. • D'fhéadfadh nochtadh cosanta leanaí teacht chun cinn le linn ceachtanna nó plé ranga. • D'fhéadfadh ábhar a bheith neamh-oiriúnach d'aois nó do chéim forbartha na ndaltaí. • D'fhéadfadh easpa oiliúna nó muiníne i measc foirne rioscaí a mhéadú maidir le soláthair an churaclaim. • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol bulaíochta, magaidh nó náirithe le linn plé ar ábhair íogaire. • D'fhéadfadh difríochtaí cultúrtha, creidimh nó teaghlaigh tionchar a bheith ar rannpháirtíocht daltaí. • D'fhéadfadh saincheisteanna príobháideachta agus rúndachta teacht chun cinn má roinneann daltaí eolas pearsanta. • D'fhéadfadh úsáid acmhainní neamhcheadaithe nó neamh-oiriúnacha rioscaí a chruthú.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na treoirlínte curaclaim ábhartha uile. • Déantar OSPS agus OCG a theagasc ar bhealach atá oiriúnach d'aois agus do chéim forbartha na ndaltaí. • Faigheann baill foirne **oiliúint agus tacaíocht chuí** maidir le soláthair na gclár seo. • Cothaítear timpeallacht ranga atá **sábháilte, mheasúil agus chuimsitheach** ina mbraitheann daltaí compordach agus slán. • Tá rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le **meas, rúndacht agus rannpháirtíocht chuí** le linn plé ranga. • Úsáidtear acmhainní agus cláir atá **ceadaithe agus oiriúnach** don churaclam. • Déantar bainistíocht chúramach ar aon nochtadh cosanta leanaí agus leanann an fhoireann nósanna imeachta tuairiscithe na scoile. • Coiméadtear cumarsáid le **tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le hábhar agus soláthair na gclár nuair is gá. • Tugtar aird ar éagsúlacht cultúrtha, reiligiúnach agus phearsanta na ndaltaí le linn soláthair an churaclaim.

			• Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	FOIRGNEAMH NA SCOILE		
	Úsáid áitreabh scoile i rith an lae scoile nó tar éis scoile ag eagraíochtaí eile	• D'fhéadfadh daoine neamhúdaraithe agus gan Grinnfiosrúcháin Ghárdaí déanta orthu rochtain a fháil ar dhaltaí nó ar áiseanna na scoile. • D'fhéadfadh rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis rúnda nó ar thaifid scoile tarlú. • D'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí míchuí tarlú idir daoine fásta agus leanaí le linn na gníomhaíochtaí seo. • D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí riosca a chruthú do shábháilteacht leanaí. • D'fhéadfadh eagraíochtaí seachtracha a bheith aineolach ar nósanna imeachta cosanta leanaí na scoile. • D'fhéadfadh cur isteach ar ghnáthfheidhmiú na scoile agus ar mhaoirseacht daltaí tarlú. • D'fhéadfadh rioscaí sláinte agus sábháilteachta teacht chun cinn maidir le húsáid áiseanna agus trealaimh na scoile. • D'fhéadfadh saincheisteanna teacht chun cinn maidir le húsáid leithris, limistéar athraithe nó rochtain ar chodanna eile den scoil. • D'fhéadfadh damáiste do mhaoin na scoile nó úsáid mhíchuí áiseanna tarlú. • D'fhéadfadh líomhaintí teacht chun cinn mar gheall ar easpa teorainneacha soiléire agus freagrachtaí sainithe.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe ábhartha uile. • Déantar socruithe scríofa agus **comhaontuithe soiléire** le gach eagraíocht a úsáideann áitreabh na scoile. • Cinntítear go bhfuil eagraíochtaí seachtracha ag cloí lena gcuid dualgas faoi **chosaint leanaí agus Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** más gá. • Cinntítear go bhfuil faisnéis rúnda agus taifid scoile faoi ghlas sa scoil. • Tá rialacha soiléire i bhfeidhm maidir le **rochtain ar áiseanna, leithris agus limistéir srianta** den scoil. • Déantar monatóireacht ar úsáid trealaimh agus áiseanna chun sábháilteacht agus slándáil a chinntiú. • Tá nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm agus cuirtear iad in iúl do gach eagraíocht. • Coiméadtear **córas sínithe isteach/amach agus taifid úsáide** nuair is gá. • Déantar cumarsáid rialta idir an scoil agus na heagraíochtaí maidir le húsáid an áitribh agus aon saincheisteanna a thagann chun cinn. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.
	Bainistíocht ar sholáthar bia agus deochanna - Eagraíochtaí Seachtaracha - Díolachán cístí scoile - Caife scoile	• D'fhéadfadh rioscaí sláinte teacht chun cinn mar gheall ar ailléirgí bia nó riachtanais aiste bia speisialta daltaí. • D'fhéadfadh bia nó deochanna a bheith stóráilte, ullmhaithe nó dáilte ar bhealach neamhsháibháilte. • D'fhéadfadh daltaí a bheith i mbaol tachtaithe nó timpistí eile le linn ithe nó ól.	• Cloíonn an scoil leis na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus leis na polasaithe sláinte agus sábháilteachta ábhartha uile. • Coiméadtear taifid chruinne maidir le **hailléirgí agus riachtanais aiste bia** daltaí agus cuirtear an fhoireann ábhartha ar an eolas. • Méabhraítear do dhaltaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí gur scoil saor ó chnónna agus píseanna talún í an scoil seo

		• D'fhéadfadh easpa maoirseachta cuí rioscaí sábháilteachta agus iompair a mhéadú. • D'fhéadfadh úsáid mhíchuí trealaimh chistine nó fearais rioscaí sláinte agus sábháilteachta a chruthú. • D'fhéadfadh saincheisteanna sláinteachais tionchar diúltach a bheith ar shláinte agus folláine daltaí. • D'fhéadfadh easpa cumarsáide maidir le riachtanais leighis nó ailléirgí rioscaí a mhéadú.	go rialta agus i gcónaí roimhe díolachán cístí. • Déantar bia agus deochanna a stóráil, a ullmhú agus a dháileadh de réir **caighdeán sláinteachais agus sábháilteachta**. • Cuirtear **maoirseacht chuí** ar fáil le linn amanna bia agus dí. • Tá nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le **déileáil le frithghníomhartha ailléirgeacha agus éigeandálaí leighis**. • Déantar monatóireacht ar úsáid trealaimh agus fearas chun sábháilteacht daltaí agus foirne a chinntiú. • Coiméadtear limistéir ullmhúcháin agus itheacháin glan agus sábháilte. • Coimadtear cumarsáid rialta le **tuismitheoirí/caomhnóirí** maidir le riachtanais bia agus sláinte daltaí. • Tuairiscítear aon imní nó eachtra don **Duine Idirchaidrimh Ainmnaithe (DIA)** de réir nósanna imeachta na scoile.